

# ***Ráiteas Straitéise***

## ***2021 go 2023***

### **Ár Misean**

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custam a chur i bhfeidhm

**Seirbhísí do  
Chomhlíontacht**

**Aghaidh a  
Thabhairt  
ar  
Neamhcho  
mhlíontacht**

### **Ár bhFís**

Chun bheith ar cheann de na córais riarta cánach agus Custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

## Réamhrá Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá fócas léaslíne meántéarmach agus fadtéarmach ag Ráitis Straitéise go hiondúil, agus is éard atá mar bhonn eolais fúthu ná an méid atá ar eolas againn agus ar féidir linn a fhoghlaim ón timpeallacht ina bhfeidhmíonn muid. Ar bhealach ar bith, ní fhacthas riamh an comhthéacs ina bhfuil a Ráiteas Straitéise 2021-2023 á ullmhú ag na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh cur isteach agus éiginnteachta. Tá an phaindéim COVID-19 ag leanúint de thionchar suntasach a bheith aige ar an tírdhreach eacnamaíoch agus sóisialta intíre agus domhanda. Mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar an 1 Eanáir 2021, tá an tírdhreach maidir le trádáil leis agus tríd an mBreatain Mhór á athrú ó bhonn agus tá tionchar aige ar phríomhghnéithe dár gcroí-obair mar chóras riartha cánach agus custam.

Léirítear sna cinní straitéiseacha i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise seo an chastacht agus an éiginnteacht sa timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta reatha. Tá ár bhfócas straitéiseach bunaithe go daingean inár Misean, inár bhFís agus sna Luachanna a leanann ar aghaidh de bheith mar bhonn eolais dár n-ailíniú eagraíochtúil, úsáid acmhainní agus cinnteoireacht tosaíochta. Measann muid go bhfuil sé riachtanach dár n-éifeachtacht, mar phríomhchuid de riarachán poiblí an Stáit, go leanann muid orainn de bheith sofhreagrúil, seasmhach, sofhreagrach agus éifeachtach agus go bhfanann an méid a dhéanann muid ailínithe lenár Misean agus lenár bhFís.

Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar trí na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú. Ó tús na paindéime COVID-19, chuir muid leis an iarracht náisiúnta chun beatha agus slíte beatha a chosaint. Bhain muid leas as ár saineolas oibriúcháin agus córais TF chun tacaíochtaí criticiúla a sholáthar go tapa agus go héifeachtúil. Trí ath-innealtóireacht a dhéanamh ar ár ngnó agus ár gcóras, thug muid tacaíocht do bhreis agus 100,000 gnó agus fostóir agus breis agus 600,000 fostaí le linn na paindéime. Cuireadh foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag obair freisin chun cabhair a thabhairt i réimsí criticiúla ar nós rianú teagmhála thar ceann an FSS.

Meastar go dtiocfaidh fás ar an ngeilleagar agus ar fhostaíocht in 2021, ach braitheann sé seo an bpaindéim a choinneáil faoi chois agus ar fhorbairtí maidir leis an mBreaitimeacht. Cé gur dearfach na forbairtí atá déanta maidir le vacsaíní, beidh orainn leanúint ar aghaidh de bheith maireachtáil le COVID-19 sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ina theannta sin, ní mór dúinn dúshlán imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach á shárú, rialuithe custam a chur i bhfeidhm a thacaíonn le trádáil dhlisteanach agus ag an am céanna bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar riosca comhlíontachta agus aghaidh a thabhairt ar thrádáil neamhdhlisteanach.

Thug ár bhfoireann aghaidh iontach ar na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair i bpaindéim COVID-19. Chuaigh muid i dtaithe go sciobtha ar thimpeallacht chianoibre den chuid is mó, tá cur chuigí nuálacha glactha againn maidir leis an gcaoi a n-oibríonn muid, lena n-áirítear an úsáid a bhaineann muid as an teicneolaíocht, digitíú seirbhíse agus uathobriú próiseas.

Leis an Ráiteas Straitéise 2021-2023, in éineacht le Tosaíochtaí Corparáideacha bliantúla do gach ceann de na chéad trí bliana eile, cuirtear bealach chun cinn ar fáil do cháiníocháir agus do ghnóthaí, do na Coimisinéirí Ioncaim mar eagraíocht agus dár ndaoine. Tabharfaidh muid tacaíocht ó thaobh chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais *Ár dTodhchaí Roinnte*, ó thaobh aon riachtanais maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide agus ó thaobh an Choimisiúin Leasa agus Cánachais molta. Díreoidh muid ar thacaíocht a thabhairt do chomhlíontacht agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht agus leanfaidh muid le cuir chuigí cruthaitheacha agus saincheaptha a chruthú i leith rioscaí a bhainistiú agus tacaíochtaí a sholáthar a chabhraíonn le cáiníocháir agus gnóthaí le linn na tréimhse deacra seo.

Cinntoidh muid gur eagraíocht ardfhreagrach muid a chuireann timpeallacht oibre dhearfach, idirghníomhach agus shásúil ar fáil dár ndaoine. Cuirfidh muid barr feabhais ar na deiseanna agus tacaíochtaí a chuireann ar chumas ár ndaoine feidhmiú ag na leibhéil is airde, agus ról fiúntach agus luachmhar a imirt san eagraíocht le linn dóibh sláinte agus leas a dteaghlach a chosaint. Thar ceann an Stáit agus a chuid saoránach, tá muid tiomanta d'eagrúchán sármhaith agus éifeachtach a chur ar fáil.

**Niall Cody**  
Cathaoirleach



**Gerry Harrahill**  
Coimisinéir



**Mick Gladney**  
Coimisinéir



## Meas

Glacann muid le hionracas cáiníocóirí agus iad ag plé linn. Nuair atá cúis againn a mhalairt a chreidiúint, gníomhaíonn muid ina leith sin. Caitheann muid le daoine le dínit i gcónaí.



## Gairmiúil

Tá muid gairmiúil inár gcuid oibre agus díríonn muid ar chaighdeán, tapúlacht, cruinneas agus comhsheasmhacht.




## Comhoibriú

Oibríonn muid i gcomhpháirt le comhghleacaithe, cáiníocóirí agus geallsealbhóirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá ionchur gníomhach againn i gcuspóirí comhroinnte a bhaint amach ar fud na Státseirbhíse agus na hEarnála Poiblí.



## Sofhreagrúlacht

Tá muid solúbtha, sofhreagrach agus seasmhach. Tacaíonn agus spreagann muid ár bhfoireann chun bheith nuálach agus chun feabhas leanúnach a chur ar an mbealach a oibríonn muid.



## Macántacht

Tá muid ionraic, cuntasach agus trédhearcach. Nuair a dhéanann muid botún, aithníonn muid é seo agus cuireann muid cuí air.



***Déanann muid ár gCroí-Luachanna, ár gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe agus ár nDualgais Earnála Poiblí a neadú agus a fheidhmiú inár gcultúr, ár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe agus inár ndéileálacha uile le cáiníocóirí. I gcroílár an chaoi a n-oibrímid tá comhlíontacht lenár ndualgais dhlíthiúla, lena n-áirítear sláinte & sábháilteacht, Cosaint Sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais agus Saoráil Faisnéise.***

# Aghaidh a Thabhairt ar ár Misean: *Ár nDá Bhuncloch is ea Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta agus*

Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a chur ar fáil chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus freagra riosca-dhírthe, éifeachtach agus chomhréireach a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáinócóra.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo, áireofar sna príomhchúraimí:

- TACAÍOCHT A THABHAIRT DON FHREAGRA NÁISIÚNTA AR AN bPAINDÉIM** Leanfaidh muid de na scéimeanna agus forálacha a thug an Rialtas isteach mar fhreagra ar COVID-19 a riar agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF), an Scéim Tacaíochta Sriantaí COVID-19 (STSC), Fan agus Caith, Faoiseamh ó Chaillteanais Bhrostaíthe agus Stórasú Fiachais. Beidh muid sofhreagrúil agus achmhainneach i gcónaí maidir leis an gcumas tacaíocht a thabhairt don Stát i gcoinne thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar.
- SEIRBHÍS DEN SCOTH A CHUR AR FÁIL** Déanfaidh muid ár múnla seirbhíse i leith comhlíontachta a athbheachtú agus a athdhíríú, agus riachtanais ár gcustaiméirí, taithí an tsoláthair seirbhíse le linn na paindéime, athruithe sna múnlaí gnó agus ról agus obair na ngníomhairí cánach agus na n-idirghníomhaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh muid tuilleadh forbartha ar dheiseanna le leas a bhaint as sochair teicneolaíochta agus léargais sonraí ár n-idirghníomhaithe gnó.
- COMHLÍONTACHT IN AM A UASMHÉADÚ** Cuirfidh muid tuilleadh feabhais ar ár n-idirghníomhacht fíor-ama agus freagra ar riosca, ag tógáil ar dheighilt ár mbonn custaiméirí. Cuirfidh muid brú ar ár mbailiúcháin sonraí agus ár gcumas ard-anailísíochta. Leanfaidh muid d'athbhreithniú agus ceartúchán ag cáinócóirí a spreagadh. Cuirfidh muid creat athbhreithnithe um idirghabhálacha comhlíontachta i bhfeidhm a thacaíonn le hidirghníomhú luath agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, bunaithe ar an leibhéal riosca agus iompar cáinócóra.
- TEICNEOLAÍOCHT** Tabharfaidh muid tosaíocht do chlár athnuachana teicneolaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil an t-ardán agus cumas TF againn cur lenár bpríomhchlár gnó agus cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú tuilleadh, ag díriú ar phróiseas uathoibríthe, digitiú agus seirbhísí a phearsantú. Leanfaidh muid dár bpáirt a imirt i bhforbairt Bonneagair Sonraí Náisiúnta na hÉireann.
- ÁBALTACHT AGUS CUMAS IN IONAD OIBRE ATHRAITHEACH** Mar eagraíocht mhuinteartha, leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann, barr feabhais a chur ar scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla atá riachtanach don lá inniu agus le haghaidh na ndeacrachtaí riaracháin athraitheacha amach anseo atá ag teacht chun cinn. I gcomhairle lenár bhfoireann agus ag foghlaim ó thaithí chianoibre na bliana 2020, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre agus ionad oibre, i ndáil lenár dtosaíochtaí gnó, athchóirithe na Státseirbhíse ar an iomlán, sláinte agus leas ár bhfoireann, chomh maith lena gcuid riachtanais oiliúna, meántóireachta agus tacaíochta.
- IMEACHT AN RÍOCHTA AONTAITHE ÓN AE** Cuirfidh muid lenár mbunúis láidre oibre atá déanta agus leanfaidh muid d'idirghníomhú a dhéanamh le gnóthaí agus príomh-gheallsealbhóirí eile. Imreoidh muid ár ról in obair uile tras-Rialtais, le gluaiseacht trádála dhlísteanaigh éifeachtach a éascú, chomh maith le hiomaíocht náisiúnta a mhéadú, díriú agus cur isteach ar thrádáil neamhdhleathach, agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.
- ANAILÍS POLASAÍ** Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhairle polasaí is fearr a sholáthar i leith fheidhmiú chreat cánach an Stáit le dualgais an Rialtais a chomhlíonadh. Tacóidh muid le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais, an Plean Gníomhaíochta Aeráide agus an Coimisiún Leasa agus Cánachas molta. Beidh sé i gceist againn torthaí polasaí a mhúnlú, a dhéanann comhlíontacht a dhearadh, neamhchomhlíontacht a laghdú agus an t-ualach riaracháin ar cháinócóirí a uasmhéadú.
- CLÁR NA gCÁNACHA AGUS CUSTAM IDIRNÁISIÚNTA** Tacóidh muid leis an Aire agus an Roinn Airgeadais an clár idirnáisiúnta athraitheach cánach a mhúnlú agus aghaidh a thabhairt air chomh maith. Tacóidh muid leis na forbairtí ar fud an AE, an OECD agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam, ag baint úsáide as ár dtionchar mar chóras comhtháite cánach agus custam thar na tionscnaimh uile.

***Cuirtear ár gcur chuige i leith na spriocanna seo a bhaint amach ar fáil i dTosaíochtaí Corparáideacha Bliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim.***